2024. M5K
(scrúdú iarchurtha)

2024L001G1IK

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta

# Gaeilge

## Páipéar 1
## (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

Gnáthleibhéal

1 uair 50 nóiméad

160 marc

| Scrúduimhir |
|---|
| |

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| Cuid I: Cluastuiscint | |
| Na hIomláin | |
| Cuid A, Fógra 1 | |
| Cuid A, Fógra 2 | |
| Cuid B, Comhrá 1 | |
| Cuid B, Comhrá 2 | |
| Cuid C, Píosa 1 | |
| Cuid C, Píosa 2 | |
| Iomlán | |

| | |
|---|---|
| Eolas | |
| Gaeilge | |
| Móriomlán | |

| | |
|---|---|
| Cuid I | |
| Cuid II | |
| Móriomlán | |

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú seo sna spásanna atá curtha ar fáil sa fhreagarleabhar seo.

Scríobh do chuid freagraí **le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid.**

Tá **dhá** chuid sa scrúdú seo.

| | | |
|---|---|---|
| Cuid I | An Chluastuiscint | **60 marc** |
| Cuid II | An Cheapadóireacht | **100 marc** |

| Cuid I | An Chluastuiscint | 60 marc |
|---|---|---|

Freagair gach cuid – A, B, C – sa fhreagarleabhar seo.
Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

## Cuid A

Cloisfidh tú ***dhá*** fhógra sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

### FÓGRA A hAON

**1.** **(a)** Cén stáisiún raidió a chuir amach an fógra seo?

**(b)** Cén t-am a bheidh an tsraith nua seo ar siúl?

**2.** **(a)** Cé mhéad clár ar fad a bheidh sa tsraith nua?

**(b)** Cad a chuirfidh Séamus Ó Scanláin ar na haíonna suimiúla sa tsraith nua seo?

### FÓGRA A DÓ

**1.** **(a)** Cén baile ina bhfuil Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt?

**(b)** Cén mhí a chuirfear tús leis an gcúrsa nua?

**2.** **(a)** Cá fhad a mhairfidh an cúrsa nua?

**(b)** Cá bhfuil eolas faoi ábhar an chúrsa seo le fáil?

## Cuid B

Cloisfidh tú ***dhá*** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá*** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

**COMHRÁ A hAON**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cá bhfuil meicneoir á lorg?

**2.** Cé mhéad airgid a bhailigh siad ag an seó faisin?

***An Dara Mír***

**1.** Cathain a rinne an cainteoir ó Chumann na Croise Deirge an obair dheonach sa Libia?

**2.** Cad a scuabadh chun siúil sa Libia?

**COMHRÁ A DÓ**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cathain a d’eagraigh Comhairle na nDaltaí a lán imeachtaí i scoil Dhónaill?

**2.** Cá raibh an bia ó thíortha éagsúla ar díol ag am lóin?

***An Dara Mír***

**1.** Luaigh teanga **amháin** atá ar intinn ag Dónall a dhéanamh mar chuid dá chéim ar an ollscoil.

**2.** Cén fáth a mbeidh ar Dhónall obair go dian amach anseo?

## Cuid C

Cloisfidh tú ***dhá*** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

**PÍOSA A hAON**

**1.** Cén áit i mBaile Átha Cliath a raibh Gradaim Ghnó na hÉireann ar siúl?

**2.** Cén sórt siopa a d'oscail Mia Nic Daibhéid in 2021?

**PÍOSA A DÓ**

**1.** Cén bhliain a d'imir Keith Earls a chéad chluiche do Chúige Mumhan?

**2.** Cathain a bhuaigh Keith Earls a chéadú caipín idirnáisiúnta?

## Cuid II An Cheapadóireacht 100 marc

## Treoracha

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

## Cuid II — An Cheapadóireacht — 100 marc

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

## A — Giota Leanúnach/Blag — 50 marc

Scríobh **giota leanúnach** nó **blag** (leathleathanach nó mar sin) ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

(i) Cluiche iontach a chonaic mé.

(ii) An deireadh seachtaine seo caite.

(iii) Na háiseanna is fearr liom i mo cheantar.

## B — Scéal — 50 marc

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeadh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar ***thús*** leis.

(i) Lár na hoíche a bhí ann. Bhí mé sa teach liom féin. Múchadh an leictreachas …

**nó**

(ii) Bhí mé ag siúl abhaile ó theach mo charad. Thit m'fhón póca ar an talamh agus bhris sé ina smidiríní …

## C — Litir/Ríomhphost — 50 marc

(i) Chuaigh tú ar thuras scoile le déanaí.
Scríobh **an litir/an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig do chara ag insint dó/di faoi na háiteanna a chonaic tú ar an turas **agus** faoi na rudaí a rinne tú ar an turas.

**nó**

(ii) D'eagraigh do thuismitheoirí cóisir mhór duit do do bhreithlá ag an deireadh seachtaine.
Scríobh **an litir/an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig d'uncail/d'aintín ag insint dó/di faoin gcóisir **agus** faoi na bronntanais a fuair tú.

## D — Comhrá — 50 marc

(i) Is maith leat dul chuig ceolchoirmeacha ach is fearr le do chara a bheith ag éisteacht le ceol ar *Spotify*. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do chara faoin ábhar sin.

**nó**

(ii) Ba bhreá leat do lón a cheannach ar scoil ach teastaíonn ó do thuismitheoirí go dtabharfá do lón féin leat ar scoil. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do thuismitheoirí faoin ábhar sin.

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críche an mheasúnaithe gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gaeilge – Páipéar 1

# (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

1 uair 50 nóiméad